Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Feabhra 2017**
**(OR. en)**

**5865/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0014 (COD)**

**ENT 29**
**MI 87**
**CODEC 140**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14569/16 ENT 209 MI 731 CODEC 1687 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5712/16 ENT 20 MI 45 CODEC 103 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithlicí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin (An chéad léamh)<br>- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Eanáir 2016, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Is é cuspóir an Rialacháin seo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, a leagtar amach i dTreoir Réime 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní mór an t-athbhreithniú a mheas i bhfianaise na dteicneolaíochtaí nua atá ar an margadh agus i bhfianaise ar tharla le déanaí i ndáil leis na neamhrialtachtaí i sonraí astaíochtaí gluaisteán. Sa togra ón gCoimisiún, tugtar aghaidh freisin ar na lochtanna a aimsíodh sa tseiceáil oiriúnachta a rinneadh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, seiceáil a rinne an Coimisiún in 2013. Dá bhrí sin, déantar iarracht sa togra fáil réidh leis na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i measc na n-údarás cineálcheadaithe náisiúnta agus na seirbhísí teicniúla maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na bhforálacha dlí.

Tá nasc láidir ag an athbhreithniú ar an gcreat reatha dlí leis an bpacáiste rialála i ndáil le hAstaíochtaí faoi Dhálaí Tiomána (RDE), ós rud é go dtugtar aghaidh sa phacáiste, inter alia, ar fhadhb na neamhrialtachtaí i sonraí astaíochtaí gluaisteán.

3. Sa Rialachán atá beartaithe, coimeádtar an cuspóir a bhí ag Treoir 2007/46/CE, is é sin saorghluaiseacht mótarfheithiclí agus a leantóirí sa mhargadh inmheánach a éascú, agus prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhmtrí cheanglais chomhchuibhithe maidir le cineálcheadú a leagan síos. Is é an aidhm atá leis sin leibhéal leordhóthanach feidhmíochta sábháilteachta agus comhshaoil mótarfheithiclí a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar na príomhlaigí a sainaithníodh sa chóras cineálcheadaithe atá ann cheana. Dá bhrí sin, tugtar formhór na ngnéithe ó Threoir 2007/46/CE anonn sa Rialachán atá beartaithe. Tugadh isteach athruithe substaintiúla sna réimsí seo a leanas:

– Cáilíocht na tástála a neartú a fhágann gur féidir an gluaisteán a chur ar an margadh trí na forálacha maidir le seirbhísí teicniúla a atreisiú;

– Córas éifeachtach um fhaireachas margaidh a thabhairt isteach chun comhréireacht na ngluaisteán atá ar fáil cheana ar an margadh a rialú, agus an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún spotseiceálacha a dhéanamh ar fheithiclí chun neamhchomhlíonadh a bhrath go luath;

– An córas cineálcheadaithe a atreisiú le maoirseacht Eorpach níos láidre sa phróiseas cineálcheadaithe, go háirithe trí Fhóram a bhunú chun faisnéis a mhalartú maidir le forfheidhmiú, fóram a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe agus ó na húdaráis um fhaireachas margaidh.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an togra seo 16 huaire le linn Uachtaránachtaí na hÍsiltíre, na Slóvaice agus Mhálta.

5. Rinneadh mionscrúdú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo ar an 9 agus an 21 Márta 2016, agus díríodh go háirithe ar na gnéithe sin ar iarr na toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe ina dtaobh. Sainaithníodh saincheisteanna sonracha freisin, ar bhonn freagraí a tugadh ar an seicliosta, saincheisteanna arbh ghá aird ar leith a thabhairt orthu agus mionphlé a dhéanamh orthu.

6. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 25 Bealtaine 2016.

*7.* Is é an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an coiste atá freagrach as na cúrsaí seo go príomha i bParlaimint na hEorpa. Is é Daniel Dalton (ECR-UK) an rapóirtéir. Vótáil IMCO ar a thuarascáil ar an 9 Feabhra 2017.

## II. PRÍOMHATHRUITHE AR AN TÉACS

8. Seo a leanas na torthaí a bhí ar an idirphlé ag cruinnithe den Mheitheal go dtí seo:

– soiléiriú agus comhlánú a dhéanamh ar roinnt forálacha teicniúla, go háirithe na hAirteagail maidir leis na forálacha ginearálta i ndáil leis an deimhniú comhréireachta ar pháipéar agus i bhfoirm leictreonach araon;

– an córas a shimpliú maidir le feithiclí ceann sraithe a chlárú nó a chur i seirbhís;

– é a fhágáil faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéanfaí a gcuid gníomhaíochtaí faireachais margaidh a mhaoiniú;

– gníomhartha cur chun feidhme a dhéanamh de líon mór gníomhartha tarmligthe.

## III. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

9. Aithníonn an chuid is mó de na Ballstáit gur gá an creat dlí atá ann faoi láthair a mhodhnú. Tar éis dóibh teacht ar chomhaontú neamhfhoirmiúil maidir leis na forálacha teicniúla, thug comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle aghaidh ansin ar na príomh-shaincheisteanna polaitiúla atá sa togra ón gCoimisiún.

   I mí na Samhna 2016, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit faoi cheistneoir ón gCoimisiún maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh, agus soiléiríodh sna freagraí a thug na Ballstáit na seasaimh atá acu agus sainaithníodh réimsí ina bhféadfadh cóineasú tuairimíochta a bheith ann i measc na mBallstát.

10. Ní mór soiléiriú breise a dhéanamh ar na forálacha seo a leanas:

    a) Fíorú comhlíontachta ag an gCoimisiún

       Ag an gcéim seo, tá a n-amhras fós á léiriú ag líon suntasach toscaireachtaí maidir le breisluach na forála seo agus tá siad ag éileamh go mbeidh ról comhordúcháin ag an gCoimisiún chun eolas agus saineolas a mhalartú. Measann toscaireachtaí eile gur cheart ról a thabhairt don Choimisiún maidir le fíorú na comhlíontachta chun go n-áiritheofar go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát.

       Faoi láthair, tá an Uachtaránacht ag féachaint ar bhealaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar an méid thuasluaite agus tíolacfaidh sí togra comhréitigh nua ag ceann de na cruinnithe a bheidh ag an Meitheal go luath.

b) Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú (Airteagal 10)

Foráiltear sa togra ón gCoimisiún go gcruthófar Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú. Táthar ar aon intinn gur cheart go mbeadh ról comhairleach ag an bhFóram maidir le, inter alia, dea-chleachtais, comhar, uirlisí agus bearta oibre agus maidir le forfheidhmiú. Tá scoilt sna toscaireachtaí eatarthu siúd a mheasann gur cheart an Fóram a úsáid mar ardán chun faisnéis a mhalartú agus na toscaireachta eile a mheasann gur mar uirlis forfheidhmiúcháin is fearr dó a bheith ann.

Ag eascairt ón idirphlé ar leibhéal na Meithle i mí Eanáir 2017, táthar soiléir anois faoin ngá atá ann liosta na gcúraimí atá le déanamh ag an bhFóram a shonrú tuilleadh, go háirithe chun léirmhínithe éagsúla ar na ceanglais a sheachaint i measc na mBallstát.

c) Bailíocht an deimhnithe ar chineálcheadú (Airt. 33)

Molann an Coimisiún go gcuirfí teorainn 5 bliana le tréimshe bailíochta an deimhnithe ar chineálcheadú. Bhí roinnt toscaireachtaí in amhras faoin mbreisluach a bhainfeadh le teorannú den chineál sin agus bhí siad i bhfabhar an chórais reatha nach gcuireann teorainn leis an tréimhse bailíochta. Tá toscaireachtaí eile ag éileamh gur gá a shonrú go mbeidh an deimhniú ar chineálcheadú ag dul in éag tar éis tréimhse áirithe. Tá an Uachtaránacht ag díriú ar an gcothromaíocht cheart a aimsiú idir na seasaimh sin, agus ualach iomarcach riaracháin á sheachaint ag an am céanna.

d) Athbhreithniú piaraí ar na húdaráis chineálcheadaithe (Airteagal 71)

Gné nua eile sa togra ón gCoimisiún is ea an coincheap i ndáil le hathbhreithnithe piaraí ar na húdaráis chineálcheadaithe. Tá scoilt idir na Ballstáit eatarthu siad a mheasann go gcuireann sé le forfheidhmiú aonfhoirmeach na rialacha agus iad siúd a dhiúltaíonn dó ar an mbonn go gcruthódh sé ualach riaracháin gan údar.

e) Seirbhísí teicniúla a mheasúnú agus a ainmniú (Airteagal 77)

Faoi láthair, tá an Uachtaránacht ag féachaint ar an bhféidearthacht go mbeadh ról gníomhach ag na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta san fhaireachán agus sa mheasúnú a dhéantar ar na seirbhísí teicniúla.

## IV. CONCLÚID

11. Rinne an Uachtaránacht babhta eile scrúdaithe ar na hAirteagail. Tá sí i mbun tuilleadh athdhréachtaithe faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht togra comhréitigh athbhreithnithe a thíolacadh go luath do Mheitheal na Comhairle d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na saincheisteanna sin atá fós gan réiteach. Dá bhrí sin, iarrfaidh an Uachtaránacht ar an gComhairle cur chuige ginearálta a fhormhuiniú ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici go luath.

12. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an tuarascáil thuasluaite ar an dul chun cinn a rinneadh i le linn scrúdú a dhéanamh ar an togra maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh mótarfheithiclí a thabhairt ar aird.